An scoil agus an saol sóisialta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaltaí scoile. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. foghlaim _____
2. an idirbhliain _____
3. sláinte intinne _____
4. an ghné shóisialta _____
5. lorg _____
6. cianfhoghlaim _____
7. uaslódáil _____
8. íoslódáil _____
9. aiseolas _____
10. á maolú _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cé mhéad dalta atá ar ais ar scoil?
2. Cén fáth a mbeidh tacaíocht speisialta ag teastáil ó na daltaí?
3. Cad a dúirt Cathal Moore faoi shláinte?
4. Cad a dúirt Mary Joyce faoi na rudaí breise a d'fhoghlaim na daltaí de thoradh na cianfhoghlama?

Ceist 4 Ceisteanna sa Ghaeilge

Líon na bearnaí sna ceisteanna thíos leis an bhfoirm cheart den bhriathar:

1. Cén chaoi (a bhfuil / atá) _____ tú?
2. Cad é mar (deir / ndeir) _____ tú 'scoil' sa Fhraincis?
3. Conas (a bhfuil / atá) _____ an aimsir inniu?
4. Cathain (a mbeidh / a bheidh) _____ na scrúduithe?
5. Cad chuige (a bhfuil / atá) _____ dianghlasáil i bhfeidhm?
6. Cén áit (a bhfuil / atá) _____ tú i do chónaí?
7. Cé chomh minic is (a dtéann / a théann) _____ tú isteach go lár na cathrach?
8. Cé (a raibh / a bhí) _____ ina uachtarán sna Stáit Aontaithe sa bhliain 2010?
9. Cén fáth (a ndéanann / a dhéanann) _____ tú staidéar ar an nGaeilge?
10. Cad (a ndéanann / a dhéanann) _____ tú gach lá den tseachtain ar an deich a chlog?

Cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat anois.

Ceist 5 *An séimhiú*

Tá seacht séimhiú fágtha ar lár sa sliocht thíos. Líon isteach anois iad. Éist leis an tuairisc arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Anois, don gcéad uair i mbliana, tá an foghlaim sa seomra ranga ar ais arís do daltaí meánscoile an Stáit. Suas le 300,000 dalta idir an chéad bliain agus an idirbhliain atá anois ar ais ar scoil don gcéad uair ón Nollaig. Beidh tacaíochtaí do shláinte intinne ag teastáil do dhaltaí go ceann roinnt maith blianta, dar le príomhoide amháin a labhair le Nuacht inniu.

Máire T. Ní Mhadaoin
Tús le maolú ar srianta leibhéal a cúig. Tús leis an bhfoghlaim sa seomra ranga arís do na céadta míle dalta. Ní hí an fhoghlaim, ar ndóigh, bun agus barr shaol na scoile. Tá an gné shóisialta agus na cairde rítábhachtach. De bharr go raibh sin in easnamh le roinnt míonna, beidh tacaíochtaí ag teastáil, a dúradh inniu.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach, do do shláinte, do chuid cairde a fheiceáil?
2. Ar fhoghlaim tú aon scil úr le linn na dianghlasála?
3. Cad é an chéad rud a dhéanfaidh tú nuair a bheidh muid saor ón bpaindéim seo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. foghlaim	*learning*
2. an idirbhliain	*transition year*
3. sláinte intinne	*mental health*
4. an ghné shóisialta	*the social aspect*
5. lorg	*mark*
6. cianfhoghlaim	*distance learning*
7. uaslódáil	*upload*
8. íoslódáil	*download*
9. aiseolas	*feedback*
10. á maolú	*being eased (3ú pearsa iolra)*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Cén chaoi **a bhfuil** tú?
2. Cad é mar **deir** tú 'scoil' sa Fhraincis?
3. Conas **atá** an aimsir inniu?
4. Cathain **a bheidh** na scrúduithe?
5. Cad chuige **a bhfuil** dianghlasáil i bhfeidhm?
6. Cén áit **a bhfuil** tú i do chónaí?
7. Cé chomh minic is **a théann** tú isteach go lár na cathrach?
8. Cé **a bhí** ina uachtarán sna Stáit Aontaithe sa bhliain 2010?
9. Cén fáth **a ndéanann** tú staidéar ar an nGaeilge?
10. Cad **a dhéanann** tú gach lá den tseachtain ar an deich a chlog?

Tabhair deis do gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile chun cleachtadh a dhéanamh orthu.

Ceist 5

Siún Nic Gearailt

Anois, don gcéad uair i mbliana, tá an f**h**oghlaim sa seomra ranga ar ais arís do d**h**altaí meánscoile an Stáit. Suas le 300,000 dalta idir an chéad b**h**liain agus an idirbhliain atá anois ar ais ar scoil don gcéad uair ón Nollaig. Beidh tacaíochtaí do shláinte intinne ag teastáil do dhaltaí go ceann roinnt m**h**aith blianta, dar le príomhoide amháin a labhair le Nuacht inniu.

Máire T. Ní Mhadaoin

Tús le maolú ar s**h**rianta leibhéal a cúig. Tús leis an bhfoghlaim sa seomra ranga arís do na céadta míle dalta. Ní hí an fhoghlaim, ar ndóigh, bun agus barr shaol na scoile. Tá an g**h**né shóisialta agus na cairde rít**h**ábhachtach. De bharr go raibh sin in easnamh le roinnt míonna, beidh tacaíochtaí ag teastáil, a dúradh inniu.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois, don gcéad uair i mbliana, tá an fhoghlaim sa seomra ranga ar ais arís do dhaltaí meánscoile an Stáit. Suas le 300,000 dalta idir an chéad bhliain agus an idirbhliain atá anois ar ais ar scoil don gcéad uair ón Nollaig. Beidh tacaíochtaí do shláinte intinne ag teastáil do dhaltaí go ceann roinnt mhaith blianta, dar le príomhoide amháin a labhair le Nuacht inniu.

Máire T. Ní Mhadaoin
Tús le maolú ar shrianta leibhéal a cúig. Tús leis an bhfoghlaim sa seomra ranga arís do na céadta míle dalta. Ní hí an fhoghlaim, ar ndóigh, bun agus barr shaol na scoile. Tá an ghné shóisialta agus na cairde ríthábhachtach. De bharr go raibh sin in easnamh le roinnt míonna, beidh tacaíochtaí ag teastáil, a dúradh inniu.

Cathal Moore, Príomhoide Choláiste na Toirbhirte
Tá go leor cainte ó thaobh na sláinte, ó thaobh sláinte fhisiciúil faoi COVID fada, ach beidh … tá tionchar aige seo ar na daoine óga, ar a sláinte intinne. Táimid ar fad dóchasach go mbeidh stop le COVID-19 go luath, ach nuair atá stop curtha leis agus nuair atáimid 100% ceart go leor arís, caithfimid a bheith ag breathnú amach go háirithe do na daoine óga, agus cabhrú leo, agus beidh tacaíocht ag teastáil do roinnt blianta, i mo thuairimse.

Máire T. Ní Mhadaoin
Tá aon chéad déag dalta sa scoil seo, agus tá lucht na chéad bhliana breá sásta a bheith ar ais inniu.

Gemma Davey, Bliain a haon, Coláiste na Toirbhirte
Tá mé an-sásta a bheith ar ais ar scoil, mo chairde a fheiceáil agus na múinteoirí a fheiceáil freisin.

Sarah Dowling, Bliain a sé, Coláiste na Toirbhirte
Tá atmaisféar an-mhaith sa scoil seo inniu. Tá na daltaí go léir an-sásta a bheith ar ais. Agus, is maith liom é . . . a fheiceáil … na daoine níos óige. Tá siad an-ghleoite.

Máire T. Ní Mhadaoin
Cé go bhfuil imní ann faoin lorg a d'fhág an chianfhoghlaim ar dhéagóirí áirithe, tá an taobh eile den scéal ann freisin.

Mary Joyce, Múinteoir Gaeilge
I ndáiríre, gach uile scoláire beo atá againn sa scoil seo, tá siad uilig[1] in ann anois uaslódáil, íoslódáil, taighde a dhéanamh ar an idirlíon, glacadh le haiseolas agus ríomhphost a chur chuig an múinteoir agus fanacht go bhfaighidís freagra. Is iontach an rud é sin a bheith acu ar fad. Agus, fiú na gasúir atá amuigh faoin tuath, rinne muid cinnte go mbeadh *Chromebook* ag gach uile dhuine a raibh sé ag teastáil uathu. So, tháinig siad isteach agus phioc siad suas ríomhaire glúine nó *Chromebook* ón scoil, ar iasacht. Agus, caithfidh mé a rá, tá siad an-mhaith á dtabhairt ar ais inniu, don scoil, mar 'go raibh maith agat' a rá leis an scoil, a thug tacaíocht dóibh.

Máire T. Ní Mhadaoin
Lá ar leith ar ndóigh an lá inniu don scoil seo agus do scoileanna na tíre agus na daltaí uilig fillte ar an bhfoghlaim sa seomra ranga. Céim thábhachtach a thóg an tAire Sláinte ar na srianta a bheith á maolú inniu, ach céim go bhfuil gá le cúram léi chomh maith, a deir sé.

[1] *uile* an leagan caighdeánach

Máire T. Ní Mhadaoin, Nuacht TG4 i mBaile Átha an Rí.